# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2007**

# STAIDÉAR GNÓ – ARDLEIBHÉAL – PÁIPÉAR I

DÉ CÉADAOIN, 13 MEITHEAMH 2007 – MAIDIN 9.30 a.m. – 12.00 p.m.

## ROINN B

**(160 marc)**

- Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.
- **CEITHRE** cheist ar bith a fhreagairt.
- Bronnfar marcanna ar leagan amach agus ar chur i láthair mar aon le fóilíonna agus dátaí, de réir mar is cuí.
- Ba cheart go dtaispeánfaí an lá, an mhí agus an bhliain sna dátaí.
- Is ceadmhach áireamháin a úsáid.

**1.** **Is ceist í seo ar Bhuiséad Teaghlaigh.**

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

**(A)** *Ar leathanach 9 de Roinn A* tá foirm an Chéad Bhuiséid agus foirm Bhuiséid Athbhreithnithe do Mhuintir Uí Ghealbháin ó Iúil go Meán Fómhair 2007. Tar éis an Chéad Bhuiséad a ullmhú, d'athraigh Mac Uí Ghealbháin a phost agus tháinig méadú ar a thuarastal. Ach chaill Bean Uí Ghealbháin a post sa mhonarcha áitiúil nuair a dúnadh an mhonarcha i mí an Mheithimh. Shocraigh Muintir Uí Ghealbháin ar a mBuiséad a athbhreithniú de bharr a gcúinsí athraithe.

Iarrtar ort an Buiséad Athbhreithnithe a chomhlánú agus iad seo a chur san áireamh:

- €25,800 an tuarastal bliantúil glan a bheidh ag Mac Uí Ghealbháin, iníoctha go míosúil. Freisin, tá súil aige le bónas €1,000 glan i Meán Fómhair.
- Gheobhaidh Bean Uí Ghealbháin €660 glan mar shochar dífhostaíochta in aghaidh na míosa.
- Díolfaidh na Gealbhánaigh ceann amháin den dá ghluaisteán atá acu agus ceapann siad go bhfaighidh siad €6,800 air i mí Lúnasa.
- Rachaidh méadú 8% ar aisíocaíochtaí morgáiste ó 1 Meán Fómhair 2007.
- Déanfaidh Muintir Uí Ghealbháin íocaíocht amháin ar a n-iasacht i mí Iúil agus íocfaidh siad fuílleach na hiasachta, €3,500, i mí Lúnasa.
- Rachaidh laghdú €30 in aghaidh na míosa ar árachas gluaisteáin ó 1 Lúnasa 2007.
- Laghdófar costais teaghlaigh de 12% in aghaidh na míosa ó 1 Iúil 2007.
- Laghdófar costais ghluaisteáin go dtí €70 in aghaidh na míosa ó 1 Lúnasa 2007.
- Tiocfaidh laghdú 50% ar chostais siamsaíochta.
- De bharr a gcúinsí athraithe, cuirfear siar na laethanta saoire a bhí pleanáilte i gcomhair Mheán Fómhair.
- Tá gach ioncam agus caiteachas eile le fanacht mar atá siad.

(28)

**(B)** **(i)** Sa Chéad Bhuiséad, luaigh mí ina bhfuil an t-ioncam pleanáilte níos mó ná an caiteachas pleanáilte. *(Freagair sa spás atá curtha ar fáil ar lch 10 de Roinn A.)*

**(ii)** Sa Chéad Bhuiséad, cé mhéad ró-chaiteachais a raibh súil ag Muintir Uí Ghealbháin leis sna trí mhí? *(Freagair ar lch 10 de Roinn A.)*

**(iii)** Tabhair cúis **amháin** a rachadh méadú ar aisíocaíochtaí an mhorgáiste. *(Freagair ar lch 10 de Roinn A.)*

**(iv)** An buiséad maith é an Buiséad Athbhreithnithe? Tabhair **dhá** chúis le do fhreagra. *(Freagair ar lch 10 de Roinn A.)*

(12)

**(40 marc)**

**2.** **Ceist í seo ar Chuntas Club.**

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Ar an 1 Meitheamh 2006, bhí Ciste Carntha €305,770 ag Club Gailf na Páirce Glaise.

Seo thíos achoimre ar bhearta airgeadais an Chlub sa bhliain dar chríoch 31 Bealtaine 2007:

| **Fáltais:** | **€** |
|---|---|
| Táillí Comórtais | 34,400 |
| Síntiúis | 89,550 |
| Urraíocht Bhliantúil | 17,650 |
| | |
| **Íocaíochtaí:** | **€** |
| Deisiúcháin | 1,850 |
| Páipéarachas | 2,460 |
| Pá | 27,800 |
| Costais Chomórtais | 6,200 |
| Árachas | 1,440 |
| Costais Ghinearálta | 25,000 |

Eolas breise ar an 31 Bealtaine 2007:

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Síntiúis réamhíoctha | €1,450 |
| (ii) | Páipéarachas ar láimh | €240 |
| (iii) | Pá iníoctha | €2,400 |
| (iv) | Airgead Tirim sa Bhanc | €15,620 |
| (v) | Dímheas: | |
| | Clubtheach | 2% de €252,000 |
| | Trealamh | 15% de €115,000 |

**(A)** Ullmhaigh:

**(i)** Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar chríoch 31 Bealtaine 2007.

**(ii)** Clár Comhardaithe mar a bhí ar an 31 Bealtaine 2007.

(31)

**(B)** Mínigh **trí** fheidhm atá ag cisteoir club.

(9)

**(40 marc)**

**3.** **Ceist í seo ar Bhuiséad Náisiúnta agus ar Fheasacht Eacnamaíochta.**

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

**(A)** Thug an Rialtas amach na figiúirí seo a leanas ar Lá an Bhuiséid don bhliain 2007:

| **Achoimre ar Ioncam agus ar Chaiteachas** | **Figiúirí Measta ina milliúin €** |
|---|---|
| Ioncam Caipitil | 5,961 |
| Caiteachas Caipitil | 5,812 |
| Ioncam Reatha | 2,621 |
| Caiteachas Reatha | 1,910 |

**(i)** Ón eolas thuas, dréachtaigh an Buiséad Náisiúnta don bhliain 2007. Léirigh go soiléir cé acu Buiséad Fuílligh nó Buiséad Easnaimh é. Taispeáin do chuid oibre.

**(ii)** Luaigh **dhá** shampla d'Ioncam Reatha don Rialtas.

**(iii)** Luaigh sampla **amháin** d'Ioncam Caipitil don Rialtas.

(18)

**(B)** **(i)** Is polasaí Rialtais é an caiteachas ar mhótarbhealaí ar fud na tíre a mhéadú.

Mínigh **dhá** shochar eacnamaíochta agus míbhuntáiste eacnamaíochta **amháin** a bhaineann leis an bpolasaí seo.

**(ii)** I rith na bliana 2007, caithfidh a lán teaghlach socrú a dhéanamh ar cad a dhéanfaidh siad le hairgead a choigil siad faoi scéim Cuntas Speisialta Dreasachta Coigiltis (SSIA) an Rialtais.

**(a)** Tá sé beartaithe ag teaghlach 'X' an t-airgead a infheistiú le haghaidh oideachas tríú leibhéal a bpáiste atá cúig bliana d'aois.

Luaigh **dhá** shórt institiúid airgeadais inar féidir leis an teaghlach an t-airgead a infheistiú.

**(b)** Tá sé beartaithe ag teaghlach 'Y' gluaisteán nua a cheannach nó an teach a fhairsingiú.

Mínigh an deischostas a bhaineann le socrú ar ghluaisteán a cheannach.

**(c)** Tá sé beartaithe ag teaghlach 'Z' an t-airgead a chaitheamh ar laethanta saoire thar lear.

Tabhair breac-chuntas ar thoradh **amháin** a bheadh ag an bplean seo ar Chomhardú na nÍocaíochtaí.

(18)

**(C)** 'Tá córas eacnamaíochta measctha ag Éirinn.'

Mínigh an ráiteas sin thuas.

(4)

**(40 marc)**

**4.** **Ceist í seo ar Thomhaltóirí.**

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Cónaíonn Seán agus Lára Uí Riain in 16 Radharc Uí Ailín, Raithean, Co. Uíbh Fhailí. Chuir siad saoire, a chosain €1,200, in áirithe don teaghlach le Taisteal Gréine Tta, Bóthar an Bhaile Nua, An Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí, le haghaidh seachtain amháin sa Ghréig ó 1 Meitheamh 2007 go dtí 8 Meitheamh 2007. Dúirt an bróisiúr saoire go soiléir go raibh an trá suite cúig nóiméad siúil óna n-árasán.

Nuair a shroich siad a n-árasán, fuair na Rianaigh amach go raibh an trá ba chóngaraí dóibh cúig chiliméadar uathu. Bhí an-díomá orthu.

**(A)** **(i)** Ainmnigh an dlí tomhaltóirí a bhaineann leis an gcás seo.

**(ii)** Luaigh an prionsabal ábhartha i ndlí na dtomhaltóirí a sáraíodh.

(6)

**(B)** **(i)** Ar an 11 Meitheamh 2007, tar éis dóibh teacht abhaile, scríobh Lára Uí Riain litir ghearáin chuig Bainisteoir Taisteal Gréine Tta ag iarraidh sásamh cuí uaidh.

Scríobh an litir a sheol Lára Uí Riain chuig Taisteal Gréine Tta.

**(ii)** Ar an 12 Meitheamh 2007, rinne Taisteal Gréine Tta teagmháil le Lára ag iarraidh cruthú íocaíochta ar an tsaoire.

Luaigh **dhá** mhodh a d’fhéadfadh na Rianaigh a úsáid chun íoc as an tsaoire.

(24)

**(C)** Má tá na Rianaigh míshásta leis an bhfreagra, tá gníomhaireachtaí ann atá ábalta cabhrú leo.

Ainmnigh **dhá** ghníomhaireacht dá leithéid agus mínigh seirbhís **amháin** atá á tairiscint ag gach ceann acu.

(10)

**(40 marc)**

**5.** **Baineann an cheist seo le Baincéireacht Phearsanta.**

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Tá Aindrias Ó Maoláin, a bheidh 25 bliana d'aois ar an 28 Lúnasa 2007, ina chónaí in 28 Bóthar Fionnbarra, An Droichead Nua, Co. Chill Dara (a chontae dúchais). Is é a uimhir theileafóin sa bhaile ná 045-633712 agus is é a uimhir theileafóin phóca ná 087-7867855. Is é a sheoladh r-phoist ná aindriasomaoláin@matteng.ie. Níl sé pósta.

Ar an 1 Meitheamh 2007, thosaigh Aindrias ag obair mar innealtóir lánaimseartha le hInnealtóireacht Matthews Tta, An tSráid Mhór, An Droichead Nua, Co. Chill Dara. Is é a olltuarastal ná €36,000 in aghaidh na bliana, iníoctha go míosúil. Is í a UPSP (Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí) ná 3967892F.

Ós rud é go dteastaíonn óna fhostóir nua a thuarastal a íoc trí Pháchonair, socraíonn sé ar Chuntas Reatha a oscailt. Ar an 8 Meitheamh 2007, buaileann sé isteach sa bhrainse áitiúil de Bhanc na hÉireann agus comhlánaíonn sé foirm iarratais.

**(A)** **(i)** Comhlánaigh an fhoirm iarratais bhán *ar lch 11 de Roinn A.*

**(ii)** Ainmnigh **trí** riachtanas dhlíthiúla a chaitear a shásamh chun cuntas bainc a oscailt.

**(iii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** dhifríocht idir cuntas reatha agus cuntas taisce.

**(iv)** Tá sé curtha in iúl d'Aindrias gur féidir leis rótharraingt a iarraidh.

**(a)** Mínigh cad is brí le rótharraingt.

**(b)** Luaigh **trí** riachtanas a chaithfidh Aindrias a shásamh sula dtabharfaidh an banc rótharraingt dó.

(30)

**(B)** Tá Aindrias ag smaoineamh ar iasacht airgid a fháil chun gluaisteán a cheannach.

**(i)** Luaigh **dhá** fhoinse oiriúnacha airgeadais atá ar fáil dó chuige sin.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** cheart a bheadh aige mar iasachtaí.

(10)

**(40 marc)**

**6.** **Baineann an cheist seo le Daoine ag Obair.**

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Tá Mairéad Ní Fhearghail féinfhostaithe mar chuntasóir le déanaí. Tá sí tar éis Áine de Paor a fhostú. Tá saineolas ag Áine ar TFC (Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide). Mhol Áine do Mhairéad crua-earraí agus bogearraí oiriúnacha a cheannach le húsáid sa ghnó agus ag na cliaint.

**(A)** **(i)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** luach saothair a bhaineann le Mairéad a bheith féinfhostaithe.

**(ii)** Mínigh **dhá** bhaol a bhaineann le bheith féinfhostaithe.

**(iii)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** fhreagracht atá ar Áine dá fostóir.

**(iv)** Mínigh an difríocht idir crua-earraí agus bogearraí.
Luaigh **dhá** shampla de gach ceann díobh.

(30)

**(B)** Tá an t-eolas seo a leanas ar fáil faoi thuillimh Áine de Paor:

- Is é a bunphá ná €792 ar sheachtain 36 uair.
- Íoctar ragobair de réir am go leith an chéad deich n-uaire an chloig agus am dúbailte ina dhiaidh sin.
- Íocann sí cáin ioncaim (ÍMAT) de réir an ráta 41% agus ÁSPC ar 8%.
- Is iad a creidmheasanna cánach ná €3,640 sa bhliain.

D'oibrigh Áine 48 uair an chloig ar fad sa tseachtain dar chríoch 8 Meitheamh 2007.

Ríomh a glanphá an tseachtain sin. Taispeáin do chuid oibre.

(10)

**(40 marc)**

Leathanach Bán